C/2024/2461

25.3.2024

Fógra le haghaidh daoine áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

(C/2024/2461)

Dírítear aird Ali MAMLUK (Uimh. 3), Ali Abdullah (ar a dtugtar freisin Abdallah) AYYUB (Uimh. 56), an Maor-Ghinearál Kifah MOULHEM (Uimh. 66), an Ginearál Ghassan Jaoudat ISMAIL (Uimh. 146), Hussein MAKHLOUF (Uimh. 218), Salwa ABDULLAH (Uimh. 230), Tammam RA'AD (Uimh. 300), Bassam TOU'MA (Uimh. 303), Ziyad SABBAGH (Uimh. 305), Mohamad Fayez BARCHA (Uimh. 308), Mohammad Samir HADDAD (Uimh. 310), Amr SALEM (Uimh. 312), ar daoine iad a a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2013/255/CBES ([1]) ón gComhairle agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ([2]) ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine thuasluaite a choimeád agus leasú déanta ar na ráitis ar chúiseanna agus ar fhaisnéis. Leis seo, cuirtear in iúl do na daoine sin go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun na heilimintí atá ag an gComhairle ina comhad maidir lena n-ainmniú a fháil **faoin 29 Márta 2024** ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 147, 1.6.2013, lch. 14.
([2]) IO L 16, 19.1.2012, lch. 1.